Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2025

Irish

Assessment Unit A2 2
(Section A)

assessing

Listening

[AIR21]

MONDAY 2 JUNE, MORNING

TRANSCRIPT

GCE Recording Instructions

Indicates track break

Each piece heard once only

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2025
Irish
Advanced
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1 Mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge, eagraíodh aonach gairmeacha do dhaltaí ardleibhéil ar na mallaibh.

D'eagraigh eagraíocht áitiúil Ghaeilge an t-imeacht i Halla na Cathrach agus tugadh cuireadh do dhaltaí atá ag déanamh staidéar ar an Ghaeilge as gach cearn den tuaisceart. Bhíothas ag iarraidh blaiseadh a thabhairt do na daltaí scoile faoi shaol na Gaeilge agus faoin réimse leathan deiseanna fostaíochta atá ann dóibh siúd ar mian leo a bheith ag obair in earnáil na Gaeilge.

Bhí eagraíochtaí Gaeilge ann ag labhairt leis na daoine óga agus ag tabhairt eolas faoin chineál oibre a bhíonn ar bun acu. Ina measc, bhí Foras na Gaeilge, Gael Linn, Comhairle na Gaelscolaíochta agus Glór na nGael.

Tháinig breis agus céad dalta agus bhí deis acu labhairt le hoibrithe san earnáil agus d'éist siad le haoichainteoirí ag déanamh cur síos ar a saol oibre. Dúirt cúpla dalta go raibh siad ar bís leis an imeacht agus nár chreid siad roimh ré go raibh an oiread sin éagsúlachta sa tsaol oibre le Gaeilge.

Dúirt duine d'eagraithe an imeachta, Pól Mac Cana, go raibh géarghá leis an chineál imeachta seo leis an chéad ghlúin eile a spreagadh i dtreo na Gaeilge ina saol oibre.

"Bhí ionadaithe anseo inniu againn as an earnáil ghnó, as an earnáil scannánaíochta, as an earnáil chraoltóireachta, agus as an earnáil spóirt agus earnálacha eile nach iad," a dúirt Pól. "Tá súil againn gur éirigh linn an chéad ghlúin eile a spreagadh i dtreo na teanga agus gur léirigh muid cuid de na deiseanna iontacha atá ann dóibh."

Source: Examiner

2 Tá teaghlaigh sa lá atá inniu ann atá ag streachailt go mór de bhrí go bhfuil an ghéarchéim costais maireachtála chomh holc sin in Éirinn anois.

De dheasca praghas tithíochta, praghas bunearraí agus seirbhísí atá ag síor-ardú agus tuarastail nár ardaíodh le blianta, tá dúshláin nach beag roimh mhuintir na hÉireann.

Tá praghas na dtithe i gcroílár na géarchéime. Tá borradh as cuimse tagtha ar na praghsanna le blianta anuas agus fágann sin go bhfuil sé i bhfad Éireann níos deacra ag daoine óga tithe a cheannach. Bíonn ar dhaoine tithe a fháil ar cíos, ach go minic, íocann siad níos mó ná mar a bheadh siad ag íoc as morgáiste fiú agus ní bhíonn siad in ann airgead a chur i dtaisce. Is fáinne fí é.

Chomh maith leis sin, tá praghas na mbunearraí riachtanacha ag ardú i dtólamh. De réir na bhfigiúirí is déanaí, tá ardú 10% ar phraghsanna i mbliana agus is é sin an ráta fáis is mó le caoga bliain. Tá praghas an bhia ag dul as smacht. In áit bia sláintiúil, tá teaghlaigh anois ag roghnú bia próiseáilte atá ar chostas níos ísle ach nach bhfuil an cothú ceart ann. De réir píosa taighde amháin a rinneadh, tá an bia sláintiúil a dhá oiread níos costasaí ná bia nach bhfuil chomh sláintiúil sin.

Cuireann na deacrachtaí airgeadais sin brú nach beag ar theaghlaigh. Ar an drochuair, is iad teaghlaigh an lucht oibre a fhulaingíonn níos mó ná grúpa ar bith eile. Bíonn ar theaghlaigh áirithe rogha a dhéanamh idir bia a chur ar an tábla agus billí a íoc. Tá an bhearna idir na daoine is saibhre agus na daoine is boichte sa phobal ag méadú i rith an ama, agus leanfaidh an éagothromaíocht sin ar aghaidh muna dtéitear i ngleic leis na fadhbanna sin.

Ní mór don rialtas tabhairt faoi seo agus polasaithe cuimsitheacha a chur i bhfeidhm leis an fhadhb seo a réiteach gan a thuilleadh moille.

Source: Examiner

This is the end of the recording.